Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10611 — GENERALI FRANCE / LA MÉDICALE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 111/04)

1. An 28 Feabhra 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Generali France S.A. ("Generali France"), ar leis an Generali Group, atá faoi rialú deiridh Assicurazioni Generali S.p.A. (An Iodáil),

— La Médicale S.A. ("La Medicale", an Fhrainc), atá faoi rialú Crédit Agricole S.A. ("Credit Agricole", an Fhrainc).

Gheobhaidh Generali France, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, rialú aonair ar La Médicale ina iomlán agus ar phunann chlúdaigh an bháis agus caillteanas dochúlaithe clúdaigh neamhspleáchais arna n-árachú ag Predica Prévoyance Dialogue du Crédit Agricole S.A., fochuideachta de chuid Crédit Agricole S.A., agus arna margú ag La Médicale (an "Punann Árachais") ([2]).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Generali France mar chuid den Generali Group, grúpa idirnáisiúnta cuideachtaí atá gníomhach san earnáil árachais agus airgeadais ar fud an domhain. Soláthraíonn Generali France táirgí árachais saoil agus árachais neamhshaoil agus dáilíonn sí iad,

— Is sainárachóir Francach é La Médicale do ghairmithe cúraim sláinte atá gníomhach sa Fhrainc agus i Monacó. Soláthraíonn sé táirgí árachais neamhshaoil agus díríonn sé ar árachas dliteanais leighis. Cuireann La Médicale roinnt táirgí breise ar fáil, amhail díobháil phearsanta, mótarfheithicil, maoin, dliteanas, agus árachas dlíthiúil. Margaíonn La Médicale an Punann Árachais faoi láthair agus beidh an Punann Árachais mar chuid freisin den éadáil a dhéanfaidh Generali France.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([3]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10611 — GENERALI FRANCE / LA MÉDICALE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

([2]) Is comhchruinniú aonair iad éadálacha La Médicale agus Punann Árachais ag Generali France de bhun Airteagal 3 den Rialachán um Chumaisc.

([3]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË